Deasghnáth na Comaoineach

Aitheanta an tslánaithe dár dtreorú agus briathar Dé dár dteagasc, tá sé de mhisneach againn a rá:
Ar nAthair atá ar neamh.....
Saor sinn ó gach olc, impímid ort, a Thiarna.
Tabhair dúinn go cineálta síocháin lenár linn,
ionas go mbeimid, le cúnamh do thrócaire,
saor ón bpeaca i gcónaí agus slán ón uile bhuairt
agus sinn ag súil leis an dóchas naofa agus
le teacht ár Slánaitheora, Íosa Críost.
Óir is leatsa an ríocht agus an chumhacht agus an ghlóir trí shaol na saol.

A Thiarna Íosa Críost, a dúirt le d'Aspail:
Fágaim síocháin agaibh, tugaim daoibh mo shíocháin:
ná féach ar ár bpeacaíne ach ar chreideamh d'Eaglaise;
deonaigh síocháin a thabhairt di agus í a aontú,
faoi mar is toil leat féin, tusa a mhaireann agus a
rialaíonn tri shaol na saol. **Amen.**

Síocháin an Tiarna libh i gcónaí.
Agus le do spiorad féin.

A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn.
A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn.
A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, tabhair dúinn síocháin.

Seo é Uan Dé, seo é an té a thógann peacaí an domhain. Is méanar dóibh siúd a fuair cuireadh chun séire an Uain.
A Thiarna, ní fiú mé go dtiocfá faoi mo dhíon, ach abairse an focal agus leigheasfar m'anam.

Iarchomaoineach
Tá cothú faighte againn, a Thiarna, leis an mbia seo ó neamh. Achainímid ort go mbeadh dúil againn i gcónaí sa bhia céanna seo trína mairimid dáiríre. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

An Deasghnáth Deiridh
Go raibh an Tiarna libh. **Agus le do spiorad féin.**
Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sibh, Athair, Mac agus + Spiorad Naomh. **Amen.**

Imígí faoi shíocháin. **Buíochas le Dia.**

50/50 Coiste na Mine

Tá €62,500 bailithe ar an tarraingt seachtainiúil 50/50 ag Coiste pobail na Mine go dtí seo.
Tá sproic do €100,000 le bailiú againn chun an obair athchoirithe a dhéanamh.

Míle buíochas as ucht bhur dtacaíocht

Toradh 50/50 Coiste na Mine 04/02/2024
Buaiteoir don €1,235.00
Chloe, Ryan, Lily, Caoimhe, Eanna Flaherty.
Derrartha Ceathrú Rua.
Duais an Dioltóra do €50.00
Peigín Uí Mhárta
Na Minne
Coiste €1,235.00

CLUDAIGH SEACHTAINIÚLA
Tá na boscaí clúdaigh do Bhailiúchán na Séipéal 2024 réidh le bailiú san oifig.
Míle Buíochas as bhur dtacaíocht.

Nóibhéine Mór na Gaillimhe 2024
5- 13 Feabhra
Luan - Satharn: 11am, 1.10pm, 7.30pm,
Dé Domhnaigh: 10.30am, 12:30pm, 3pm, 6pm
Dé Sathairn 10ú @11am:

Aifreann speisialta le **Sacraimint na nEaslán**
Dé Domhnaigh 15ú: **Beannú Leanaí & Páistí** tar éis gach seisiún.

'Mhíl 20/01/2024
Buaiteoir don €1,812.00
Eithne Nic Aodh Bhuí, Béal an Daingean.
Duais an Dioltóra do €50.00
Aoife Uí Mhurchú, Casla
Toradh 50/50 Scoil Cholmcille Ros a 'Mhíl 2701/2024
Buaiteoir don €2,032.00
Daniel Geoghegan, Caisleán
Duais an Dioltóra do €50.00
Aoife Ní Loideáin, Bantrach

Scoil Éinne

Tá Scoil Éinne ag glacadh le hiarratais chlárúcháin don scoilbhliain 2024-2025 anois.Tuleadh eolais ar fáil ag https:/

Paróiste An Spidéil
6ú Domhnach B
11 Feabhra 2024

An tAthair Daniel Gallagher
www.cilleinde.ie
Uaireanta Oifig: Dé Máirt, Déardaoin, Dé hAoine 10.00rn –2.00in Oifig: 083 8126745
Ríomhphost: cilleinde@outlook.ie

Aifrinn & Intinní na Seachtaine

			Cill Éinde, An Spidéal	
Dé Sathairn	10ú	6.00i.n.	Seán Ó Neachtain (Willie) Mavis & Tommy Mc Fadden	*Baile Liam* *Baile na hAbhann*
Dé Domhnaigh	11ú	11:00r.n.	Rónán Ó Conghaile	*Doire Locháin Thoir 10ú Cuimhneacháin*
Dé Luain	12ú	10.00 r.n.	Tomás Ó Coistealbha, a bhean Siobhán & muintir na beirte	*Poill*
Dé Máirt	13ú	10.00r.n.	Coilín & Siobhán Breathnach	*Coilleach*
Céadaoin an Luaithrigh	14ú	10.00r.n.	**Beannú an Luaithrigh**	
Dé Sathairn	17ú	6.00i.n.	Peadar O'Connor Nora & Mike Gill & a mhuintir	*Coill Rua, Indreabhán* *Aille, Bearna*
Dé Domhnaigh	18ú	11.00r.n.	Séamus Ó Cualáin & a mhuintir Tomás & Bríd Uí Chualáin & muintir na beirte	*Bothúna* *Bothúna*
			Cill Treasa, Ros a' Mhíl	
Dé Sathairn	10ú	7.30i.n.	*Missa Pro Populo*	
Dé Sathairn	17ú	7.30i.n.	Nora Bn. Uí Choisdealbha Cata Uí Chéidigh	*Na Doireadha* *Comóradh Breith Lá, Cnoc a-dTua*
			Cill Mhuire, Na Minna	
Dé Domhnaigh	11ú	9.30r.n.	Pádraic & Joe Cadhain & muintir atá ar slí na firrine	*Na Minna*
Dé Domhnaigh	18ú	9.30r.n.	*Missa Pro Populo*	

Na DeasghnáthaTosaigh

In ainm an Athar agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh. **Amen.**

Grásta ár dTiarna Íosa Críost agus grá Dé
agus cumann an Spioraid Naoimh libh go léir.
Agus le do spiorad féin.

Gníomh Aithrí

A phobal Dé, tugaimis ár bpeacaí chun cuimhne chun gurbh fhiú sinn na rúndiamhra naofa a cheiliúradh.
Admhaím do Dhia uilechumhachtach,
agus daoibhse a bhráithre,
gur pheacaigh mé go trom,
le smaoineamh agus le briathar,
le gníomh agus le faillí,
tri mo choir féin, trí mo choir féin,
trí mo mhórchoir féin.
Ar an ábhar sin,
impím ar Naomh-Mhuire Síor-Ógh,
ar na hAingil agus ar na Naoimh,
agus oraibhse, a bhráithre,
guí ar mo shon chun ár dTiarna Dia.

Go ndéana Dia uilechumhachtach trócaire orainn, go maithe sé ár bpeacai dúinn, agus go dtreoraí sé chun na beatha síoraí sinn. **Amen.**

A Thiarna, déan trócaire. **A Thiarna, déan trócaire.**
A Chríost, déan trócaire. **A Chríost, déan trócaire.**
A Thiarna, déan trócaire. **A Thiarna, déan trócaire.**

An Ghlóir

Glóir do Dhia sna harda,
agus ar talamh síocháin do lucht dea-thola.
Molaimid thú; móraimid thú; adhraimid thú; tugaimid glóir duit;
gabhaimid buíochas leat as ucht do mhórghlóire;
a Thiarna Dia, a Rí na bhflaitheas; a Dhia, a Athair uilechumhachtaigh.
A Thiarna, a Aonmhic, a Íosa Críost. A Thiarna Dia, a Uain Dé, Mac an Athar,
tusa a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn; tusa a thógann peacaí an domhain, glac lenár nguí. Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, déan trócaire orainn.
Óir is tú amháin is Naofa; is tú amháin is Tiarna; is tú amháin is Ró-Ard, a Íosa Críost, mar aon leis an Spiorad Naomh: i nglóir Dé an tAthair. Amen.

Urnaí

A Dhia, dearbhaíonn tú go mbíonn cónaí ort i gcroíthe na gcóir agus na ndílis. Deonaigh le cabhair do ghrásta, go ndéanfaimid sinn féin a iompar i slí is go mba thoil leat cónaí inár gcroí-ne. Sin é ár nguí chugat trínár dTiarna. **Amen.**

Liotúirge an Bhriathair

An Chéad Léacht

Sliocht as leabhar Leviticeas – 13:1-2, 44-46

Dúirt an Tiarna le Maois agus le hÁrón: 'Nuair a bhíonn at nó gearb nó spota ar chneas duine, ní mór a bheith in amhras faoi lobhra chnis. Ní foláir an duine a bhreith chun Árón an sagart, nó chuig duine dá chlann mhac atá ina shagart.

An duine ar a bhfuil galar na lobhra, bíodh a chuid éadaigh ina ngiobail, agus a chuid gruaige ina mothall gan slacht; ní foláir dó a bhéal uachtair a fholach agus glao a chur as: "Neamhghlan! Neamhghlan!" Fad a mhaireann an galar, bíodh sé neamhghlan; ós neamhghlan é, maireadh sé ar leithrigh; bíodh cónaí air lasmuigh den champa.'

Briathar an Tiarna. **Buíochas le Dia.**

Salm le Freagra – Sm 31

Fr: Is tú m'áit folaigh, a Thiarna.
Cuireann tú gártha tarrthála i mo thimpeall.

1. Is beannaithe dár maitheadh a choir,
dár folaíodh a pheaca:
an té nach gcuireann an Tiarna
cion ina leith,
is nach bhfuil cealg ina chroí. *(Fr)*

2. Ach d'admhaigh mé mo pheaca duit cheana
is níor cheil mé m'urchóid.
Dúirt mé: 'Admhóidh mé anois
mo choir don Tiarna.'
Agus thug tú maithiúnas dom, a Thiarna,
mhaith tú mo pheaca *Fr)*

3. Déanaigí lúcháir agus gairdeas sa Tiarna,
a fhíréana go léir!
Déanaigí aoibhneas agus áthas,
a lucht an chroí dhírigh. *(Fr)*

An Dara Léacht *Coirintigh10:31-11:1*

Sliocht as céadlitir N. Pól chuig na Coirintigh

A bhráithre, cibé acu a dhéanann sibh ithe nó ól nó ní ar bith eile, déanaigí an t-iomlán chun glóire Dé. Ná cuirigí as do Ghiúdaigh ná do Ghréagaigh ná do phobal Dé. Sin é mo dhálasa: bím ag iarraidh gach duine a shásamh i ngach slí gan aon chuimhneamh agam ar mo leas féin ach ar leas an tslua le súil go slánófaí iad.

Déanaigíse aithris ormsa mar a dhéanaimse aithris ar Chríost.

Briathar an Tiarna. **Buíochas le Dia.**

Alleluia, alleluia!
Is beannaithe an té atá ag teacht ina rí, in ainm an Tiarna!
Síocháin sna flaithis, agus glóir in uachtar neimhe!
Alleluia!

Soiscéal *Marcas – 1:40-45*

Go raibh an Tiarna libh.
Agus le do spiorad féin.
Sliocht as an Soiscéal naofa de réir N. Marcas
Glóir duit, a Thiarna.

Tháinig lobhar chuig Íosa ag achainí air agus é ar a dhá ghlúin: 'Más áil leat é,' ar seisean, 'is féidir duit mé a ghlanadh.' Ghlac Íosa trua dó, shin amach a lámh agus bhain leis: 'Is áil,' ar seisean leis, 'glantar thú!' D'fhág an lobhra é láithreach agus glanadh é. Labhair Íosa go corraiceach leis agus chuir chun siúil é gan stad ag rá leis: 'Ná habair focal le haon duine, féach, ach imigh leat agus taispeáin don sagart thú féin agus déan de chionn do ghlanta an ofráil a d'ordaigh Maois mar fhianaise dóibh.' Ní túisce a d'fhág an duine an láthair, áfach, ná bhí guth ard aige ag leathadh an scéil, ionas nach bhféadfadh Íosa dul isteach go hoscailte i gcathair feasta, ach fanacht lasmuigh sna háiteanna uaigneacha, agus bhíti ag triall air as gach aird.

Soiscéal an Tiarna. **Moladh duit, a Chríost.**

An Chré

Creidim in aon Dia amháin,
an tAthair uilechumhachtach, a rinne neamh agus talamh, agus an uile ní sofheicthe agus dofheicthe.
Agus in aonTiarna amháin Íosa Críost,
Mac Aonghine Dé,
an té a rugadh ón Athair sula raibh aon saol ann,
Dia ó Dhia, solas ó sholas, Fíor-Dhia ó Fhíor-Dhia;
an té a gineadh agus nach ndearnadh,
agus atá de chomhshubstaint leis an Athair:
is tríd a rinneadh an uile ní.
Ar ár son-na, an cine daonna,
agus ar son ár slánaithe, thuirling sé ó neamh.
Ionchollaíodh le cumhacht an Spioraid Naoimh é
i mbroinn na Maighdine Muire
agus ghlac sé nádúr daonna.
Céasadh ar an gcros é freisin ar ár son faoi Phointias Pióláit;
d'fhulaing sé páis, agus adhlacadh é.
D'aiséirigh an treas lá de réir mar a d'fhógair na Scrioptúir; chuaigh suas ar neamh;
tá ina shuí ar dheis an Athar.
Tiocfaidh sé an athuair faoi ghlóir,
le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh,
agus ní bheidh deireadh lena ríocht.
Creidim sa Spiorad Naomh,
Tiarna agus bronntóir na beatha,
an té a ghluaiseann ón Athair agus ón Mac.
Tugtar dó adhradh agus glóir, mar aon leis an Athair agus leis an Mac: is é a labhair trí na fáithe.
Creidim san aon Eaglais, naofa, chaitliceach, aspalda.
Admhaím an t-aon bhaisteadh amháin chun maithiúnas na bpeacaí.
Agus táim ag súil le haiséirí na marbh,
agus le beatha an tsaoil atá le teacht. Amen.

Liotúirge na hEocairiste

Is beannaithe thú, a Thiarna, a Dhia na cruinne,
mar gur bhronn tú orainn as do lánmhaireacht
an t-arán seo a ofrálaimid duit:
an talamh agus saothar an duine a thugann é mar thoradh, agus déanfar de arán na beatha dúinn.
Moladh go deo le Dia.

Is beannaithe thú, a Thiarna, a Dhia na cruinne,
mar gur bhronn tú orainn as do lánmhaireacht
an fíon seo a ofrálaimid duit: an fhíniúin agus saothar an duine a thugann é mar thoradh, agus déanfar de deoch spioradálta dúinn.
Moladh go deo le Dia.

Guígí go nglacfaidh Dia, an tAthair uilechumhachtach, leis an íobairt seo uaimse agus uaibhse.
Go nglaca an Tiarna leis an íobairt seo ó do lámha,
chun onóra agus glóire a ainm,
chun sochair dúinne agus dá Naomh-Eaglais uile.

Os Cionn na nOfrálacha

Go ndéana an ofráil seo sinn a ghlanadh agus a athnuachan, impímid ort a Thiarna. Dóibh sin a chomhlíonann do thoil, go raibh sí ina bonn luach saothair shíoraí. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

PAIDIR EOCAIRISTEACH

Go raibh an Tiarna libh. **Agus le do spiorad féin.**
Tógaigí bhur gcroíthe in airde.
Tá siad tógtha in airde chun an Tiarna againn.
Gabhaimis buíochas lenár dTiarna Dia.
Is ceart agus is cóir sin……..
Is Naofa, Naofa, Naofa thú, aThiarna Dia na Slua.
Tá neamh agus talamh lán de do ghlóir.
Hósanna sna harda.
Is beannaithe an té atá ag teacht in ainm anTiarna.
Hósanna sna harda.

Rúndiamhair an chreidimh
Gach uair a ithimid an t-arán seo agus a ólaimid an chailís seo, fógraimid do bhás, a Thiarna, nó go dtaga tú.

Is tríd agus leis agus ann a thugtar gach onóir agus glóir duitse, a Dhia, an tAthair uilechumhachtach,
in aontacht an Spioraid Naoimh, trí shaol na saol.
Amen.